

Polasaí Frithbhulaíochta



Gaelcholáiste Reachrann

1. An Polasaí

I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirínte faoi chód iompair atá curtha ar fáil ag an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an polasaí frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Gaelcholáiste Reachrann mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Leanann an polasaí seo na riachtanais a leagadh amach i n*Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* (a foilsíodh i Meán Fómhair 2013) go hiomlán.

2. Príomhphrionsabail dea-chleachtais

Aithníonn Bord Bainistíochta Gaelcholáiste Reachrann cé chomh dáiríre is atá iompar bulaíochta agus an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an iompar seo ar dhaltaí. Mar sin geallann an scoil cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á sheachaint.

- Atmaisféar dearfach a bheith i bhfeidhm sa scoil:
 - ina nglactar go hiomlán le difríocht agus le héagsúlacht idir dhaltaí agus ina léirítear meas ar chuile duine;
 - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh do mhúinteoirí agus a phlé i dtimpeallacht nach bhfuil bagrach; agus
 - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;
- An scoil uile ag obair le chéile agus páirt á ghlacadh ag gach duine;
- Tuiscint ag gach éinne faoi céard atá i gceist le 'bulaíocht' agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
- Cur i bhfeidhm straitéisí oideachais agus straitéisí chun bulaíocht a chosc (le staitéisí chun an tuiscint atá ag daltaí ar bhulaíocht chur chun cinn san áireamh)
 - a chothaíonn trua agus tuiscint dá chéile, meas agus láidreacht sna daltaí; agus
 - ina dtéitear i ngleic le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach san áireamh;
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Imeachtaí bulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí leanúnach agus obair leantach a dhéanamh i gcoinne na tarlúintí seo; agus
- Meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar cé chomh éifeachtach is atá an polasaí frithbhulaíochta.

3. Sainmhíniú ar bhulaíocht

I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht: iompar diúltach nach bhfuil iarrtha, bíodh sé i bhfoirm ó bhéal, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile. I measc na cineálacha iompair bhulaíochta áirítear na cineálacha iompair seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht. Tabhair faoi deara nach liosta críochnúil é seo:

- (i) Aonrú agus fágáil amach, ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine agus cineálacha iompair eile bunaithe ar an gcaidreamh atá ag daoine lena chéile;
- (ii) Cibearbhulaíocht; agus
- (iii) Bulaíocht bunaithe ar aitheantas: ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallaíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chlúdaíonn an sainmhíniú seo bulaíocht a tharlaíonn i dtarlúint aonraithe nó tarlúint uair amháin d'iompar diúltach d'aon ghnó, lena n-áirítear téacsteachtairacht mhaslach nó goilliúnach uair amháin nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, de réir an pholasaí seo, féachfar ar theachtairacht, íomhá nó ráiteas poiblí nach bhfuil go deas a tharlaíonn uair amháin ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir é a fheiceáil agus/nó a bheith athráite ag daoine eile, mar iompar bulaíochta.

Iompar diúltach nach bhfuil léirithe sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

4. Múinteoirí Ábhartha

Is iad na hoidí ranga a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus beidh na Cinn Bhliana, an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach ag déileáil le hiompar bhulaíochta.

5. Straitéisí oideachais agus coiscthe

Seo a leanas na straitéisí oideachais agus na straitéisí chun bulaíocht a chosc (le straitéisí a bheidh dírithe ar cibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas san áireamh) a bheidh in úsáid i nGaelcholáiste Reachrann

- Tá muid ag doiciméadú na straitéisí oideachais agus coiscthe a chuirfidh an scoil i bhfeidhm i gcoinne an bhulaíochta, go háirithe agus muid ag plé le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas.
- Ar na cleachtais éifeachtacha tá polasaí chun an bhulaíocht a chosc agus polasaí chun nós mó eolas a thabhairt do dhaoine mar gheall ar gach gné den bhulaíocht agus straitéisí chun cabhrú le daltaí dul i ngleic le fadhbanna de réir mar a thagann siad chun cinn. Cothaíonn na straitéisí sin trua agus mothúcháin, meas agus chuile duine a chur san áireamh i gcónaí i measc na daltaí.
- Tugann seo deiseanna do dhaltaí tuiscint dearfach a chothú ar an luach atá orthu mar dhuine agus féin-mhuinín a chur chun cinn tríd an curaclam scoile. Táimid ag díriú ar thuiscint ar bhulaíocht agus ar na hiarmhairtí a bhaineann léi a chur chun cinn sna daltaí.
- An slí is fearr le dul i ngleic leis an chibearbhulaíocht ná é a chosc ar an chéad dul síos. Díríonn ár bpolasaí ar an mbulaíocht seo a chosc agus ar eolas a

thabhairt do dhaltáí faoin tslí le hiad féin a iompar ar líne, faoin tslí le bheith sábháilte ar líne agus ar conas pobal a chothú atá saor ó inní mar gheall ar chibearbhulaíocht. Tabharfar comhairle chun cabhrú le daltaí iad féin a chosaint ó bheith rannpháirteach i mbulaíocht (mar an duine a dhéanann an bhulaíocht nó mar an duine a dhéantar an bhulaíocht orthu) agus comhairle a chur orthu maidir le conas eachtra a luaigh leis an scoil.

- Gnéithe tábhachtach den chur chuige sin is ea go mbeidh an scoile uile a i gceist agus ról gníomhach a bheith ag tuismitheoirí. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas agus tugfar comhairle dóibh maidir le cibear bulaíocht. (Aoi chainteoir, Coiste na dTuismitheoirí) Moltar do thuismitheoirí agus do dhaltáí go bhfuil sé mídhleathach do pháiste faoi 13 a chlárú leis na meáin shóisialta agus go leor líonraí meáin shóisialta a úsáid, ar nós Facebook, Instagram, agus SnapChat srl. Cuirtear san áireamh an deis atá ann go mbeidh daltaí ag déanamh cibearbhulaíocht ar áiseanna teicneolaíochta atá ar fáil laistigh den scoil. Déanfaidh an fhoireann iarracht chun comharthaí cibear bulaíochta a aithint, agus an fhoireann a choinneáil ar an eolas faoin teicneolaíocht a úsáideann daltaí go minic. Leanfaidh daltaí agus an fhoireann polasaí na scoile maidir le húsáid ríomhairí sa scoil. Úsáideann an scoil bogearraí scagtha chun cosc a chur ar dhaltáí úsáid a bhaint as gréasáin míoiriúnacha, apps, srl. Níl cead ag daltaí na bogearraí seo a sheachaint. Níl cead ag aon dalta a bheith ag obair ar an Idirlíon sa seomra ríomhaireachta, nó in aon áit eile laistigh den scoil, gan bhall den fhoireann a bheith i láthair. Níl cead ag daltaí bheith ar an idirlíon i rith am scoile gan chead múinteora.
- Déanann muid cúram speisialta do dhaltáí faoi mhíchumas agus do dhaltáí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus polasaí á dhéanamh ag scoil chun dul i ngleic le hiompar bulaíochta nó é a chosc. Tá an polasaí frithbhulaíochta i gcomhréir le rialacha agus polasaithe eile na scoile. Ar na rudaí a dhéanann muid chun an fhéidearthacht go ndéanfar bulaíocht ar dhaltáí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a laghdú tá pobal ranga agus scoile a fheabhsú ina bhfuil gach éinne ag glacadh páirte, díriú ar scileanna sóisialta a mhúineadh do dhaltáí, aird a dhíriú ar ócáidí móra ar nós an t-athrú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus dea-chultúr scoile a chothú ina léirítear meas ar chuile dhuine agus ina dtugtar cabhair do chuile dhuine.
- Tá roinnt codanna agus clár sa churaclam maidir le bulaíocht a chosc agus meas ar éagsúlacht agus ar chuimsiú a chur chun cinn. Déantar ranganna speisialta sa churaclam OSPS chun féachaint ar iompar bulaíochta agus ar na réimsí gaolmhara seo: meascadh le daoine eile, cumarsáid, coimhlint, cairdeas, sábháilteacht phearsanta agus caidreamh. Sa Chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta tá deiseanna chun réimsí ar nós na gnéasachta agus an chaidrimh a phlé, rudaí a bhfuil baint mhór acu le bulaíocht bunaithe ar aitheantas. Aithníonn muid go mbíonn gá le forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí sa réimse seo oibre.
- Tá spás i ngach ábhar chun dearcadh na ndaltaí i leith meas ar a chéile a spreagadh: chun an tábhacht a bhaineann le éagsúlacht idir dhaoine a chur chun

cinn, chun aghaidh a thabhairt ar réamhchlaonadh agus stéiritópáil agus chun aird a tharraingt ar cé chomh uafásach is atá iompar bhulaíochta. Sampla den obair a dhéanann múinteoirí ina n-ábhair féin ná: litríocht agus diospóireacht nó plé trí Bhéarla; obair foirne a spreagadh i rith rang corpoideachais; tagairtí do cólineachtaí agus mí-úsáid a bhaintear as daoine chun gnéithe diúltacha na cumhachta a léiriú i dTír Eolas agus Stair. Clúdaítear an ábhar frith-bhulaíochta san Ealaín, sa drámaíocht agus sa Teagasc Creidimh. Mheallfar comhoibriú tríd na foirne scoile (msh. peil, cispheil, iománaíocht, sacar, lúthchleasaíocht) agus clubanna scoile (rith/mím) a chuirtear ar fáil do na daltaí. Tugann gníomhaíochtaí spórtúla agus gníomhaíochtaí eile lasmuigh de ranganna deiseanna do na daltaí foghlaim faoi na slíthe is fearr chun obair le chéile mar fhoireann, meas a thaispeáint (do na daoine lena bhfuil siad ag imirt agus don fhoireann eile, do na múinteoirí atá i gceannas orthu, do na réiteoirí agus don lucht féachana). Foghlaimíonn na himreoirí faoin mbealach gur féidir leo dul i ngleic le ionsaithe agus iad féin a rialú chomh maith.

6. Gnásanna chun iompar bulaíochta a imscrúdú agus déileáil leis

Seo a leanas straitéisí Gaelcholáiste Reachrann chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh chun í a chosc agus chun iompar bulaíochta a thairfeadh mar aon leis na straitéisí a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta:

- Is é an phríomhaidhm a bheidh ag an múinteoir ábhartha agus bulaíocht á imscrúdú aici/aige aghaidh a thabhairt ar aon cheist is gá a réiteach agus an gaol idir na páirtithe atá i gceist a chur ar ais mar a bhí sé an oiread is féidir (seachas milleán a chur ar dhuine/dhaoine). Agus imscrúdú ar bhulaíocht á dhéanamh, nó nuair a bhítear ag déileáil le bulaíocht, feidhmeoidh an múinteoir a breithiúnas gairmiúil chun a chinneadh cibé an ndearnadh bulaíocht agus conas ab fhearr déileáil leis an bhfadhb.
- Caithfidh an múinteoir ábhartha gach tuairisc, tuairiscí gan ainm san áireamh, a imscrúdú agus déileáil leo. Ar an tslí sin beidh níos mó muiníne ag daltaí gur fiú bulaíocht a thuairisciú. Tá sé fíor-thábhachtach an mhuinín sin a chothú i measc na ndaltaí. Deirtear go soiléir leis na daltaí nach ag tabhairt leideanna atá siad nuair a thuairiscíonn siad iompar bulaíochta ach go bhfuil siad ag déanamh an rud freagrach.
- Spreagann muid an fhoireann seachas múinteoirí – rúnaithe, cúntóirí riachtanas speisialta, coimhdírí iompar scoile, airígh, glantóirí – chun aon teagmhas d'iompar bulaíochta a fheiceann siad, nó a luaitear leo, a thuairisciú don mhúinteoir ábhartha.
- Ní mór do thuismitheoirí agus do dhaltaí comhoibriú le haon imscrúdú agus cuidiú leis an scoil aon cheist bhulaíochta a réiteach agus an caidreamh a bhíodh idir na páirtithe atá bainteach leis an mbulaíocht a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéad agus is féidir. Bíonn cur chuige réidh, neamhmhothúcháinach chun fadhb a réitiú ag múinteoirí agus iad ag déileáil le tarlúintí d'iompar bulaíochta a thuairiscíonn daltaí, baill foirne nó thuismitheoirí dóibh.

- Is fearr de ghnáth tarlúint a imscrúdú lasmuigh den seomra ranga chun príobháideacht gach duine atá bainteach leis a chosaint. Déantar gach agallamh i slí goilliúnach ag féachaint do chearta gach dalta. D'fhéadfadh daltaí nach bhfuil baint dhíreach acu leis an mbulaíocht eolas úsáideach a chur ar fáil in agallamh mar sin. Agus anailís á déanamh ar tharlúint d'iompar bulaíochta, lorgaíonn an múinteoir ábhartha freagraí ar na ceisteanna céard, cá háit, cathain, cén duine nó cé na daoine, agus cén fáth? Cuirtear na ceisteanna sin go ciúin síochánta, chun sampla a thabhairt den slí le déileáil le coimhlint go héifeachtach neamhionsaitheach.
- Má bhíonn grúpa i gceist, d'fhéadfaí agallamh a chur ar gach duine den ghrúpa ina nduine agus ina nduine agus d'fhéadfaí labhairt leis an ngrúpa ar fad ina dhiaidh sin. Ag an chruinniú grúpa, d'fhéadfaí iarraidh ar gach ball cuntas a thabhairt ar an méid a chonaic sé/sí le bheith cinnte go bhfuil an cuntas céanna ag an ngrúpa ar fad. Tuigimid go bhféadfadh baill eile sa ghrúpa brú a chur ar bhaill eile sa ghrúpa rud áirithe a rá nó a dhéanamh tar éis an agallaimh leis an múinteoir agus déantar gach iarracht chun seo a chosc. In amanna thiocthadh leis a bheith úsáideach nó cuidiúil iarraidh ar na daoine a bhí bainteach leis an teagmhas a gcuntas ar an teagmhas a scríobh síos.
- I gcásanna ina gcreideann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, déantar teagmháil, a luaithe is féidir, le tuismitheoirí na bpáirtithe i gceist chun iad a chur ar an eolas faoin scéal agus na bearta a dhéanfar a mhíniú doibh (le tagairt do pholasaí na scoile). Tugann an scoil deis phlé do na tuismitheoirí ar slite ina bhféadfaí bearta na scoile agus an tacaíocht do na daltaí a mhéadú. I gcás ina déanann an múinteoir ábhartha an cinneadh go raibh dalta ag gabháil d'iompar bulaíochta, léirítear di nó dó go soiléir gur sháraigh sí nó sé beartas frith-bhulaíochta na scoile agus déantar iarrachtaí chun go bhféachfadh sé nó sí an scéal ó thaobh an dalta a bhfuil an bhulaíocht á déanamh air nó uirthi.
- Bíonn muid soiléir don uile dhuine atá bainteach leis (gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) in aon chás ina mbíonn gá le smachtú, gur ceist phríobháideach é idir an dalta atá á smachtú, a tuismitheoirí nó a thuismitheoirí agus an scoil. Socraíonn muid cruinnithe breise leis na páirtithe atá i gceist a shocrú chun iarracht a dhéanamh iad a thabhairt le chéile amach anseo má bhíonn an dalta a ndearnadh an bhulaíocht uirthi nó air sásta leis sin. Féadann an-tairbhe a bheith ag baint le cruinnithe mar sin.
- I gcásanna ina measann an múinteoir ábhartha nach bhfuil i ndóthan déileáil déanta leis an iompar bulaíochta laistigh de 20 lá scoil tar éis di/dó cinneadh a dhéanamh gur tharla iompar bulaíochta, caithfidh an múinteoir ábhartha é sin a thairbh ar an 'fhoirm chun iompar bulaíochta a thairbh'. Agus cinneadh á dhéanamh ar déileáladh go cuí agus i ndóthan le cás bulaíochta, ní mór don oide ranga, mar chuid dá breithiúnas gairmiúil, na tosca seo a leanas a chur san áireamh: cibé ar stopadh den iompar bulaíochta ó shin; cibé ar réitíodh, a mhéad ab fhéidir, aon cheist a bhí le réiteach idir na páirtithe; cibé an bhfuil an caidreamh idir na páirtithe curtha ar ais mar a bhí sé, a mhéad agus gur féidir agus an bhfuarthas aon aiseolas ó na páirtithe i gceist, óna dtuismitheoirí nó ó Phríomhoide nó ó Phríomhoide Tánaisteach na scoile.

- I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an scoil le cás bulaíochta i gcomhréir leis na gnásanna seo, caithfidh gnásanna na scoile maidir le gearán a dhéanamh a chur in iúl don tuismitheoir. I gcás ina mbaineann an tuismitheoir úsáid as gnásanna na scoile maidir le gearán a dhéanamh agus nach bhfuil sí/sé sásta fós, caithfidh an scoil a insint don tuismitheoir go bhfuil sé de cheart aici/aige gearán a dhéanamh le hOmbudsman na Leanaí.

7. Gnásanna chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

Tá sé cinnithe ag Bord Bainistíochta Gaelcholáiste Reachrann go mbíonn gnásanna soiléire ag an scoil chun iompar bulaíochta a nótáil agus a thuairisciú go foirmiúil agus tá na gnásanna sin doiciméadaithe mar chuid de bheartas frithbhulaíochta na scoile. Ní mór gach taifead a choimeád i gcomhréir leis an reachtaíocht chuí cosanta sonraí.

- Bíodh is go gcaithfear gach tuairisc, tuairiscí gan ainm i dtaobh bulaíochta san áireamh, a imscrúdú agus go gcaithfidh an múinteoir ábhartha déileáil leo, bainfidh an múinteoir ábhartha leas as a breithiúnas gairmiúil i dtaca leis na taifid de na tuairiscí sin a bheidh le coinneáil, na bearta a dhéanfar agus aon phlé leo siúd atá bainteach leis an mbulaíocht maidir leis an gcéanna.
- Má fhaigheann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ní mór don mhúinteoir ábhartha taifid scríofa a choimeád chun cabhrú léi/leis an cheist a réiteach agus an gaol idir na páirtithe a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéad agus is féidir.
- Caithfidh an múinteoir ábhartha an ‘fhoirm chun iompar bulaíochta a thaifeadadh’ a úsáid chun an t-iompar bulaíochta a thaifeadadh sna cásanna seo a leanas: i gcásanna ina measann sé/sí nár díródh go leordhóthanach ná go cuí ar an iompar bulaíochta laistigh de 20 lá scoile tar éis dó/di cinneadh a dhéanamh gur tharla iompar bulaíochta; agus i gcás inar rinne an scoil cinneadh go gcaithfear iompar bulaíochta a thaifeadadh i gcásanna áirithe agus é a thuairisciú láithreach don Phríomhoide nó don phríomhoide Tánaisteach. (Aguisín 2)

8. Tacaíochtaí do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu

Seo a leanas clár tacaíochta Gaelcholáiste Reachrann do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu:

- Tá clár tacaíochta i bhfeidhm i nGaelcholáiste Reachrann do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu. D’fhéadfadh comhairleoireacht agus/nó deiseanna chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí chun a bhféinmheas a mhéadú, a scileanna cairdis agus sóisialta a fhorbairt agus mothú rannpháirteachais a chothú iontu a bheith de dhíth ar dhaltaí mar sin. Baineann muid leas as cleachtas, idirghabháil nó comhréiteach mar is cuí. Coinníonn muid cumarsáid oscailte idir scoil, tuismitheoirí agus gníomhaireachtaí seachtracha agus oibríonn muid le chéile chun an fhadhb a leigheas agus chun an t-íospartach a chosaint.

- Tá clár tacaíochta do dhaltaí a bhí ag baint úsáid as iompar bulaíochta a bheith mar chuid de phróiseas idirghabhála na scoile. Bíonn cuidiú leanúnach de dhíth ar dhaltaí a bhí bainteach le hiompar bulaíochta. Daltaí nach leor a bhféinmheas, tugtar deiseanna dóibh chun a féinmhuinín a mhéadú. Mar sin aithníonn muid go mbíonn sé tábhachtach sna straitéisí foghlama a chuirtear i bhfeidhm gníomhaíocht a bheith déanta chun mothúcháin daltaí faoina bhfiúntas féin a mhéadú. D’fhéadfadh comhairleoireacht a bheith de dhíth ar dhaltaí a ghabhann d’iompar bulaíochta chun gur féidir leo bealaí eile a fhoghlaim chun a gcuid riachtanas a chomhlíonadh gan cearta daoine eile a sháruí.

9. Cásanna tromchúiseacha a tharchur chuig FSS

I dtaca le bulaíocht sna scoileanna foráiltear in *Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Páistí, 2011* (Tús Áite do Leanaí) agus sna *Gnásanna um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna* “i gcásanna ina dtarlaíonn teagmhas tromchúiseach agus ina bhféachtar ar an iompar mar iompar a d’fhéadfadh a bheith mí-úsáideach, ní mór don scoil dul i gcomhairle le Seirbhísí Sóisialta FSS do Leanaí agus do Theaghlaigh d’fhonn freagairt chuí a dhréachtú, ar nós plean bainistíochta”.

Déantar teagmhais thromchúiseacha d’iompar bulaíochta a chur ar aghaidh, faoi mar atá leagtha síos in *Tús Áite do Leanaí agus sna Gnásanna um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*, chuig Seirbhís Leanaí agus Teaghlaigh HSE agus/nó na Gardaí, faoi mar a bheadh.

Foráiltear, leis, sna *Gnásanna um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna* go gcaithfidh an Teagmhálaí Ainmnithe comhairle a lorg ó Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS i gcás ina bhfuil údar inní ag pearsanra scoile mar gheall ar pháiste ach nach bhfuil siad cinnte ar cheart an cás a thuairisciú d’FSS.

10. Bulaíocht mar chuid den chontanam iompair

Is féidir le hiompar bulaíochta a bheith mar chuid de chontanam leanúnach iompair seachas ina ghníomh neamhspleách agus i gcásanna áirithe féadfaidh an t-iompar iompú ina ionsaí nó ina bhgairt tromchúiseach fisiciúil nó gnéasach. Chun a chinntiú go ndéileáiltear le cásanna den sórt sin go cuí, cuirtear ar fáil i mbeartas frithbhulaíochta na scoile nascacht chuí leis an gcód iompair chun cásanna a chur ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí agus údarais sheachtracha, nuair is cuí. I gcásanna ina bhfuil údar tromchúiseach inní againn i dtaobh iompar dalta, lorgaíonn muid comhairle ón tSeirbhís Síceolaíochta (PSS).

11. Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtas chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

12. An Ciapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir is gá faoin reachtaíocht chomhionannais, gach rud arbh fhéidir go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi gcúiseanna; inscne (lena n-áirítear trasinscne), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

13. Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

14. Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Síniú: _____ **Dáta:**

(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Síniú: _____ **Dáta:**

(Príomhoide)